
Gníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2016



www.idaireland.com

IDA Ireland

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF | 01 |
| Staitisticí | 06 |
| Rialachas Corporáideach | 11 |
| Ráitis Airgeadais | 18 |
| Líonra Domhanda Oifigí | 39 |


IDA Ireland

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF



IDA Ireland

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

Lean GFT Éireann den straitéis: Infheistíocht Eachtrach Dhíreach a Ghnóthú 2015 – 2019 a chur i bhfeidhm go céimneach in 2016.

Tá cuspóirí an-uaillmhianacha ag GFT Éireann, lena n-áirítear:

- **80,000 Post Nua**
- **900 Infheistíocht**
- **Méadú 30 – 40% ar infheistíochtaí isteach i suíomhanna réigiúnacha; agus**
- **Caiteachas €3bn ar Thaighde agus Forbairt**

Is é cuspóir foriomlán na straitéise ná go mbainfeadh muintir na hÉireann leas as infheistíocht dhíreach eachtrach agus go mbeadh GFT Éireann ar an ngníomhaireacht cur chun cinn infheistíochta agus forbartha is rathúla ar domhan.

Ba í 2016 an dara bliain a cuireadh an straitéis i bhfeidhm agus tá GFT Éireann sásta a thuairisciú gur cuireadh tús iontach le gach gné den straitéis agus go bhfuilimid chun tosaigh ar ár sprioc – tá breis is 200,000 duine ag obair i gcuideachtaí eachtracha in Éirinn anois don chéad uair ó bunaíodh an Stát. Is éacht tábhachtach é seo don tír seo agus léiríonn sé cé chomh iomaíoch is atá sí maidir le gnó a ghnóthú ar fud an domhain. Tá athbhreithniú meántéarmach á dhéanamh ar an straitéis faoi láthair, mar a tugadh le fios sa phlean bunaidh.
Chuir an rath leanúnach ar chliantchuideachtaí an GFT go mór leis an bhfás fostaíochta agus tá laghdú ag teacht go fóill ar an ráta dífhostaíochta in Éirinn.



**Frank Ryan**
Cathaoirleach

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

**Príomhfhachtóirí**
Caitheann GFT Éireann gach lá den bhliain ag iarraidh infheistíocht mhóibíleach a ghnóthú.

Tá an infheistíocht dhíreach eachtrach níos iomaíche ná riamh cheana, agus tá gníomhaireachtaí ar fud an domhain ag seasamh i gcoinne a chéile chun gnó a ghnóthú ó infheisteoirí. Tá íogaireachtaí na n-infheisteoirí ag síor-athrú i gcomhréir le hathruithe ar chúrsaí polaitiúla agus eacnamaíocha. É sin ráite, tá an tír seo thar a cosúlacht go fóill ó thaobh IDE de - éiríonn léi 4.5% de thionscadail IDE san Eoraip agus 7.5% de thionscadail sna hearnálacha ar a ndíríonn GFT a ghnóthú, cé nach bhfuil sí freagrach ach as 1.8% d'OTI an AE.

De ghnáth, is próiseas fada é teacht ar chomhaontú maidir le hinfheistíocht a bhunú i suíomh áirithe, próiseas ina ndéanann cuideachta suíomhanna éagsúla a chur i gcomparáid, mar aon le cumas na tíre chun riachtanais agus ionchais shonracha a chomhlíonadh.

Ní dhéanfaidh aon ghnóthas cinneadh chun a ghnó a chur ar bun in Éirinn bunaithe ar fhachtóir amháin. Ach, in 2016, d'éirigh dhá phríomhfhachtóir i bhfad níos tábhachtaí d'infheisteoirí, is iad sin cobhsaíocht eacnamaíoch agus pholaitiúil na hÉireann agus tábhacht mhéadaitheach an teachta ar an margadh AE.

Thacaigh príomhghnéithe eile leis na buntáistí seo, amhail a éasca is atá sé gnó a dhéanamh, soláthar tallainne, taighde nasctha agus teacht ar chuideachtaí úrscothacha Éireannacha agus idirnáisiúnta atá bunaithe anseo.

**Dearcadh agus Dúshláin**
Bliain shuntasach a bhí ann in 2016 ó thaobh an athraithe pholaitiúil agus eacnamaíoch ar fud an domhain. Chruthaíodh éiginnteacht shuntasach maidir le hinfheistíocht dhomhanda de bharr Brexit agus an athraithe ar rialtas na Stát Aontaithe.

Tá geilleagar beag agus oscailte ag an tír seo agus tá naisc an-láidre thrádála aici ar fud an domhain. Tá páirt againn i sreabhadh domhandaithe eacnamaíoch, áfach, agus d'fhéadfadh tionchair na n-athruithe ar mhargaí domhanda cur isteach orainn. Leanfaidh GFT de dhlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar éiginnteacht mhéadaithe na n-infheisteoirí i ndiaidh na n-imeachtaí seo le linn na straitéise reatha.

Dhírigh GFT Éireann go mór ar Brexit le déanaí, le hacmhainní méadaithe, le straitéisí nua margaíochta agus le himeachtaí a chur ar siúl chun béim a leagan ar oiriúnacht na hÉireann do chuideachtaí ar mian leo teacht ar an margadh AE a chothú sa todhchaí.

Tá fás leanúnach ar an bhfostaíocht agus an ráta laghdaithe dífhostaíochta in Éirinn i gcomhréir le bonn IDE atá ag cur lena láithreacht in Éirinn faoi láthair. Ag 6.4%, is é an ráta is ísle le beagnach naoi mbliana. Athrú suntasach ó bhonn atá ann do gheilleagar na hÉireann agus ba phríomhchatalaíoch an infheistíocht eachtrach sa réimse seo.



**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

## Iomaíochas

Taispeánadh cumas suntasach in Éirinn chun infheistíocht eachtrach a thógáil isteach. É sin ráite, tá an t-iomaíochas ó thíortha eile chun an infheistíocht eachtrach a ghnóthú níos láidre ná riamh cheana.

Iarrtar i gcónaí ar GFT Éireann cad eile is féidir a dhéanamh chun infheistíocht a ghnóthú don tír seo. Go simplí, caithfimid gach iarracht a dhéanamh ár n-iomaíochas a chothú ar an méid is mó taobhanna agus is féidir. Roghnaíonn cuideachtaí a ngnó a chur ar bun in Éirinn ar iliomad cúiseanna. Bíonn ar roinnt cuideachtaí seicliostaí coimpléascacha a úsáid, a chuimsíonn 40 athróg éagsúil amhail an t-oideachas, cuntas teiste agus aer-rochtain, chun a chur ar a gcumas cinneadh a dhéanamh. Is féidir le fachtóirí idir mhéid an spáis oifige agus na tithíochta cónaithe, aernaisc idirnáisiúnta agus rátaí cánachais a bheith i gceist anseo.

Leag an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais béim le déanaí ar an ngá atá le bonn costais iomaíoch a chaomhnú in Éirinn. D'fhéadfadh bonn costais iomaíoch fáinne óir a chruthú idir an boilsciú, ionchais pá agus an t-iomaíochas costais.

D'éiligh GFT Éireann i gcónaí go n-infheisteofaí go leanúnach sa bhonneagar ar fud na Stáit. Chabhródh sé sin go mór le hiarrachtaí ar infheistíocht eachtrach a ghnóthú.

## Feidhmíocht

Tá 199,877 duine ag obair ag cuideachtaí thar lear anois, an leibhéal is airde riamh de réir taifead.

Chruthaigh cliantchuideachtaí GFT 18,627 post ar an bhfód i rith na bliana thar raon earnálacha, le glanbhreisiú post á bhaint amach ag gach réigiún in Éirinn.

Tugtar le fios sna torthaí is déanaí feidhmíocht láidir ag an eagraíocht maidir lena sprioc 2019 de 80,000 post nua agus 900 infheistíocht a chomhlíonadh.

Is láidir nár cailleadh níos mó post agus, i gcomhair le holluimhreacha méadaitheacha, rinne sé sin glanfhigiúirí post atá ag méadú go comhsheasmhach a éascú i gcomhair GFT Éireann. Ní cheapann GFT Éireann go mairfidh an leibhéal íseal caillteanas seo go deo. Leanfaidh feidhmeannaigh GFT orthu ag obair lenár gcliaint chun a chinntiú go ndéanann a ngnó gach rud is féidir chun go mairfidh siad san fhadtéarma.

Mhéadaigh barrlíon na n-infheistíochtaí a gnóthaíodh i rith na bliana go 244 ó 213 sa bhliain roimhe sin. Mhéadaigh líon na n-infheistíochtaí ainmneacha nua go 99 ó 94 sa bhliain roimhe sin. Tá an fheidhmíocht láidir trína cruthaíodh glanlíon post breise de 11,842 in Éirinn mar thoradh ar shraith fhíorláidir infheistíochtaí nua agus laghdú ar chaillteanais phoist sa phunann fostaíochta. Bhí na caillteanais mar chéatadán den phunann fhoriomlán fostaíochta ag an leibhéal ab ísle le 19 mbliana anuas (1997).

## Bhí na hinfheistíochtaí seo a leanas ar na príomhinfheistíochtaí a baineadh amach in 2016:

- Fógra ó **Oracle** go bhfuil sé beartaithe aige 450 duine nua a earcú chun a ghnó néil a spreagadh
- Cinneadh **First Data** chun Mol Taighde agus Forbartha a fhorbairt san Aonach, Co. Thiobraid Árann, ina n-oibreoidh suas le 300 fostaí ardoilte
- D'oscail **Credit Suisse** urlár trádála na hOifige Tosaigh i mBaile Átha Cliath, ina n-oibreoidh 100 ball foirne nua
- Thosaigh **Hubspot** ag earcú 320 duine breise chun freastal ar an bhfás todhchaíoch
- D'fhógair **Shire** go bhfuil sé beartaithe aige cur lena chumas domhanda monaraíochta biteicneolaíochta le hinfheistíocht US$400m agus 400 post nua a chruthú nuair a bheidh a thionscadal i nDún Búinne, Co. na Mí tagtha chun críche
- Bhunaigh **Kellton Tech Solutions Limited,** cuideachta domhanda TF, a cheanncheathrú do réigiún na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice i nDroichead Átha, Co. Lú, a chruthóidh 100 post thar thréimhse cúig bliana
- D'fhógair **Wayfair Inc.** (NYSE:W), ceann de na miondíoltóirí is mó ar líne do throscán agus fearas tí agus do mhaisiúcháin go ndéanfar a Lárionad Oibríochtaí Eorpach ilteangach i nGaillimh a leathnú, a chruthóidh timpeall 160 post nua
- D'fhógair **Amazon** go gcruthóidh sé 500 post nua i mBaile Átha Cliath
- D'fhógair **Surmodics** i nGaillimh go ndéanfaidh sé infheistíocht €16.5m agus go gcruthóidh sé 100 post nua i mBéal Átha na Sluaighe
- Bhunaigh **Fazzi Healthcare Services** cuideachta nua códúcháin agus seirbhísí cúram sláinte i Luimneach, a chruthóidh 300 post thar thréimhse cúig bliana.

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

**Réigiúin**
Tháinig méadú ar líon na bpost thar raon suíomhanna réigiúnacha uile GFT in 2016. Tá 59% den fhostaíocht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Bhí 52% de na poist (ollmhéid) arna gcruthú ag cliaint GFT bunaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath in 2016.

Cé go bhfuil ann go fóill do threocht dhomhanda IDE a dhéanamh i lárionaid mhóra uirbeacha, taispeánann staitisticí GFT a láidre agus seasmhaí atá an IDE i suíomhanna réigiúnacha.

Faightear infheistíochtaí le cabhair ón bpobal iomlán fiontair áitiúil agus is mian le GFT aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na gcomhairlí contae, na n-ionadaithe áitiúla agus na ngnóthais go léir a chabhraigh le hÉirinn a dhíol mar shuíomh infheistíochta in 2016.

Lean GFT ar aghaidh lena phlean tógála réadmhaoine in 2016 agus fuarthas tionóntaí do shuíomhanna i bPort Láirge agus i mBaile Átha Luain. Tá foirgnimh i Sligeach, Caisleán an Bharraigh agus Trá Lí beagnach críochnaithe freisin agus tá spéis ag cliant san áis i Sligeach. Tagann Trá Lí agus Caisleán an Bharraigh faoi chlár margaíochta GFT anois. Áirítear suíomhanna i nGaillimh, i nDún Dealgan agus i Luimneach ar an gcéad chéim thógála eile, agus tá sé beartaithe ag GFT bheith ar an láthair sna suíomhanna sin roimh dheireadh 2017. Tá na foirgnimh eile sa chlár beartaithe do Cheatharlach, do Bhaile Átha Luain agus do Phort Láirge. Tá obair ar na foirgnimh sin le tosú in 2018.

**Foireann na hÉireann**
Bíonn cabhair agus cúnamh ó na páirtithe leasmhara go léir ar fud an chórais leathain de dhíth ar GFT chun a chuid oibre a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, tá GFT Éireann ag súil lena bheith ag obair le Taoiseach Leo Varadkar TD agus leis an Tánaiste agus an Aire Fiontar agus Nuálaíochta, Frances Fitzgerald TD. Ba mhaith leis an nGníomhaireacht buíochas ó chroí a ghabháil le Enda Kenny TD as a bheith sásta i gcónaí buaileadh le cliaint GFT ar fud an domhain. Ba mhaith linn buíochas speisialta a ghabháil freisin leis na hAirí Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá ag dul as oifig, Mary Mitchell O'Connor TD agus Richard Bruton TD. Rinne an bheirt acu an-éascaíocht ar mhéadú leanúnach ar IDE isteach chun na hÉireann le linn a dtréimhsí sa RPFN. Ba mhaith le GFT Éireann buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Airgeadais atá ag dul as oifig, Michael Noonan TD as a chuid oibre go léir ar son GFT Éireann, sa bhaile agus thar lear araon.

Tá GFT Éireann ag súil lena bheith ag obair le baill uile na Comh-Aireachta nua agus leis na hionadaithe poiblí go léir.

Don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a thuairiscíonn GFT Éireann agus oibríonn sé i ndlúth-chomhpháirtíocht chomh maith leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus lena ngréasán ambasáidí, le gníomhaireachtaí Rialtais eile amhail Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Solas, an GNBS, Eirgrid, GBCN, Coillte, na húdaráis áitiúla, Fáilte Éireann agus lena lán eagraíochtaí earnála príobháidí agus Comhlachas Tráchtála.

An uirlis mhargaíochta is cumhachtaí atá ag GFT ná a chliaint agus is mian linn aitheantas a thabhairt chomh maith don líon mór cuideachtaí ilnáisiúnta agus Éireannacha a chuir a gcuid ama ar fáil go fial le bualadh le hinfheisteoirí ionchasacha a thug cuairt ar Éirinn in 2016.

Agus ar ndóigh is mian linn buíochas a ghabháil le foireann GFT Éireann, dream a mbíonn na torthaí seo á dtiomáint ag a n-obair agus a dtiomantas. Tá an fhoireann seo bunaithe in Éirinn agus thar lear, ach cibé áit a bhfuil siad, tá a ndíograis, a dtreallús agus a bhfuinneamh á n-aithint anseo.

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

# Staitisticí



IDA Ireland

# Staitisticí

## Táscairí GFT Éireann

| Táscaire | Luach 2016 |
|---|---|
| Líon Iomlán Infheistíochtaí Faofa | 244 |
| Líon na dTionscadal Láithreáin Úrnua | 99 |
| Líon na dTionscadal Leathnaithe | 91 |
| Líon na dTionscadal Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta | 54 |
| Infheistíocht i dTionscadail Taighde, Forbartha agus Nuála | €1.12bn |
| % d'Infheistíochtaí Lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath | 43% |
| Meántuarastal sna hInfheistíochtaí | €51,237 |
| Caiteachas iomlán intí ar Thaighde agus Forbairt | €1.5bn |

**Nóta * Baineann na sonraí caiteachais intí ar Thaighde agus Forbairt le 2015.**

## Tír Thionscnaimh Cuideachtaí ar Thug GFT Éireann Tacaíocht Dóibh 2016

| Tír Thionscnaimh | Líon na gCuideachtaí | Fostaíocht Iomlán* |
|---|---|---|
| Stáit Aontaithe | 722 | 144,058 |
| An Ghearmáin | 92 | 12,160 |
| An Ríocht Aontaithe | 111 | 8,332 |
| An Fhrainc | 61 | 6,671 |
| An Chuid Eile den Eoraip | 169 | 16,217 |
| An Chuid Eile den Domhan | 163 | 12,439 |
| **Iomlán** | **1,318** | **199,877** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta an RPFN 2016.**

**Nóta: Fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha san áireamh.**

## Fostaíocht i gCuideachtaí lena dTacaíonn an GFT

| | 2016 |
|---|---|
| **Poist Bhreise*** | **18,627** |

Foinse: GFT Éireann 2016

## Fostaíocht i gCuideachtaí lena dTacaíonn an GFT

| | 2015 | 2016 |
|---|---|---|
| Fostaíocht Iomlán* | 188,035 | 199,877 |
| Lánaimseartha | 168,860 | 180,838 |
| Eile | 19,175 | 19,039 |
| Glanathrú san fhostaíocht iomlán | 12,818 | 11,842 |
| **% Glanathú san fhostaíocht iomlán** | | **6.3%** |

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta an RPFN 2016, Sonraí amshraithe.

Nóta: Áirítear ar an bhFostaíocht Eile fostaithe páirtaimseartha agus fostaithe ar conradh gearrthéarmach.

* Bhí 52% de na poist (ollmhéid) arna gcruthú ag cliaint GFT bunaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

## Fostaíocht Iomlán de réir Réigiúin i gComhlachtaí ar Thug GFT Éireann Tacaíocht Dóibh

| Réigiún GFT | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | % Athrú 2015/2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha Cliath & Oirthear Láir** | 76,320 | 81,150 | 84,510 | 90,765 | 96,300 | **6.1%** |
| **Iarthar Láir** | 13,900 | 14,107 | 14,714 | 15,627 | 17,143 | **9.7%** |
| **Oir-Dheisceart** | 12,072 | 12,003 | 12,462 | 12,693 | 13,369 | **5.3%** |
| **Iar-Dheisceart** | 27,921 | 29,064 | 30,319 | 34,232 | 36,059 | **5.3%** |
| **Lár Tíre** | 3,937 | 3,915 | 4,023 | 4,222 | 4,280 | **1.4%** |
| **Teorainn** | 8,661 | 9,127 | 9,677 | 10,090 | 10,656 | **5.6%** |
| **Iarthar** | 18,171 | 18,956 | 19,512 | 20,406 | 22,070 | **8.1%** |
| GFT Éireann | **160,982** | **168,322** | **175,217** | **188,035** | **199,877** | 6.3% |

Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta an RPFN 2016.

Nóta: Áirítear ann fostaithe páirtaimseartha, sealadacha agus fostaithe ar conradh gearrthéarmach.

## Fostaíocht iomlán de réir earnála i gCuideachtaí lena dtacaíonn GFT Éireann

| Earnáil | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | % athrú 2015/2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Táirgí Cógaisíochta | 22,346 | 22,799 | 23,084 | 25,029 | 26,880 | 7.4% |
| Trealamh Ríomhaireachta, Leictreonach agus Optúil | 16,310 | 17,292 | 18,120 | 20,454 | 20,213 | 1.2% |
| Ionstraimí agus Soláthairtí Leighis/Fiaclóireachta | 25,496 | 25,652 | 26,663 | 26,903 | 28,911 | 7.5% |
| Miotail & Innealtóireacht | 11,272 | 11,325 | 11,145 | 11,441 | 11,482 | 0.4% |
| Tionsclaíocht Ilghnéitheach | 6,847 | 7,067 | 6,828 | 7,175 | 7,421 | 3.4% |
| Seirbhísí Idirnáisiúnta & Airgeadais (bogearraí san áireamh) | 78,711 | 84,187 | 89,377 | 97,033 | 104,970 | 8.2% |
| **Iomlán** | **160,982** | **168,322** | **175,217** | **188,035** | **199,877** | **6.3%** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta an RPFN 2016**

## Tionchar Eacnamaíoch IDE:

Measann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta go gcruthaítear ocht bpost eile sa gheilleagar ginearálta mar thoradh ar gach deich bpost a chruthaítear go díreach mar gheall ar an Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE). B'ionann é sin agus 59,779 post ar thacaigh IDE leo ag deireadh na bliana 2016. Bíonn tionchar dearfach ag sochair thánaisteacha eacnamaíocha ar an tionscal tógála, ar an earnáil mhiondíola agus ar an tionscal fáilteachais.

Áirítear ar thorthaí an tsuirbhé SBGTE (Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) le haghaidh 2015 (na sonraí is déanaí a bhfuil fáil orthu) na sonraí seo a leanas maidir le hOnnmhairí, Caiteachas Gheilleagar na hÉireann, Taighde agus Forbairt inmheánach agus caiteachas caipitil:

- Tháinig méadú 13.1% go dtí €148.5bn ar onnmhairí chliaint GFT in 2015.
- Tháinig méadú 2.4% go dtí €18.8bn ar chaiteachas sa gheilleagar Éireannach in 2015.
- Is ionann é sin agus caiteachas párolla (€10bn), seirbhísí Éireannacha (€5.2bn), agus ábhair Éireannacha (€3.6bn).
- Tháinig méadú 3.4% go dtí €1.53bn ar an infheistíocht inmheánach Taighde agus Forbartha in 2015.
- D'infheistigh cliaint GFT €5.5bn i dtionscadail chaipitil in 2015.

## Costas GFT Éireann in aghaidh an Phoist Choimeádta ag Buanphraghsanna 2016

| | 2004-2010 | 2005-2011 | 2006-2012 | 2007-2013 | 2008-2014 | 2009-2015 | 2010-2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **GFT Éireann (€)** | 13,960 | 13,876 | 13,457 | 12,716 | 11,955 | 10,578 | 9,148 |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta an RPFN 2016**

**Nóta: Déantar an costas in aghaidh an phoist chothaithe a ríomh trí chaiteachas deontais GFT Éireann do gach gnólacht i dtréimhse an ríomha a chur san áireamh. Ní dhéantar ach poist a cruthaíodh agus a cothaíodh le linn agus suas go dtí deireadh gach tréimhse seacht mbliana a chur do shochar sna ríomhanna.**

# Rialachas Corporáideach

# Bord 2016

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon.

Tá sé freagrach as beartais ghinearálta na heagraíochta a cheapadh agus a cuid oibriúcháin a mhaoirsiú. Déanann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí Boird fócasaithe a fheidhmiú. Is í an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme.

Tá údarás reachtúil ag an mBord chun cúnamh deontais a fhaomhadh suas go dtí na leibhéil atá sonraithe sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus cúnamh deontais sa bhreis ar na leibhéil shonraithe a mholadh don Rialtas. De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird GFT Éireann Ráiteas Leasanna don Rúnaí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cloíonn GFT Éireann go hiomlán le beartas an Rialtais i ndáil le pá Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an Rialtais i ndáil le táillí a íoc le Comhaltaí Boird.

**Frank Ryan**
Cathaoirleach, GFT Éireann

**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann

**Lionel Alexander**
Cathaoirleach, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí

**Geraldine McGinty**
Ollamh Cúnta Raideolaíochta,
Weill Cornell Medical College, Nua-Eabhrac
Raideolaí Comhairleach Cúnta,
New York Presbyterian Hospital

**Alan Gray** [1]
Cathaoirleach, London Economics
Comhpháirtí Bainistíochta, Indecon International
Comhairleoirí Eacnamaíocha
Stiúrthóir, Tedcastle Oil Products
Stiúrthóir, Hillington Investments

**Peter Cassells** [2]
Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Institiúid Edward M Kennedy,
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad, Co. Cill Dara

**John Murphy** [3]
Ard-Rúnaí, An Roinn Post,
Fiontar agus Nuálaíochta

**Tinreamh na gComhaltaí Boird ag Cruinnithe an Bhoird in 2016 (11 chruinniú in 2016)***

| **Tinreamh Chomhaltaí an Bhoird** | |
|---|---|
| Frank Ryan - Cathaoirleach | 11 chruinniú |
| Martin Shanahan | 10 gcruinniú |
| Alan Gray | 10 gcruinniú |
| John Murphy | 7 gcruinniú |
| Lionel Alexander | 10 gcruinniú |
| Caroline Dowling | 5 chruinniú |
| Geraldine McGinty | 11 chruinniú |
| Peter Cassells | 8 chruinniú |
| Denis Collins | 11 chruinniú |
| Barry O'Sullivan | 10 gcruinniú |
| Anne Fitzsimons | 4 chruinniú |
| Marian Corcoran | 4 chruinniú |
| Dermot Mulligan | 3 chruinniú |

* 10 gcruinniú sceidealta Boird agus 1 chruinniú speisialta

# Bord 2016 (ar leanúint)

**Denis J Collins**
POF, Smarter Dynamics
Cathaoirleach, LearnLode Ltd

**Anne Fitzsimons** [4]
POF - Services Integration Hub IBM
Global Business Services
Stiúrthóir, IBM Ireland

**Marian Corcoran** [5]
Bunaitheoir MC 2 Change Limited

**Dermot Mulligan** [6]
Ard-Rúnaí Cúnta
An Rannán Nuálaíochta & Infheistíochta
An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta

**Caroline Dowling**
Uachtarán an Ghrúpa Ghnó, Aonad Gnó
Líonra Chomhtháite agus Aonad Gnó
Seirbhísí Domhanda, Flextronics

**Barry O'Sullivan**
Bainisteoir Ginearálta, Johnson and Johnson
Vision Care (Vistakon)
Comhalta boird, Comhlachas
Tráchtála Mheiriceá

**Deirdre Lyons**
Rúnaí, GFT Éireann

**Anne Fitzsimons** [4]
- ceaptha mar stiúrthóir ar 26 Lúnasa 2016

**Marian Corcoran** [5]
- ceaptha mar stiúrthóir ar 26 Lúnasa 2016

**Dermot Mulligan** [6]
- ceaptha mar stiúrthóir ar 12 Deireadh Fómhair 2016

**John Murphy** [3]
- imithe ar scor óna phost mar stiúrthóir an 30 Meán Fómhair 2016

**Alan Gray** [1]
- imithe ar scor óna phost mar stiúrthóir an 31 Nollaig 2016

**Peter Cassells** [2]
- imithe ar scor óna phost mar stiúrthóir an 31 Nollaig 2016

# Coistí an Bhoird agus an Coiste Infheistíochta Bainistíochta

Tugtar achoimre ar struchtúr coistí an Bhoird thíos.

**An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca**
Cuidíonn sé agus tacaíonn sé leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais agus ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. Déanann sé maoirseacht freisin ar chur chun feidhme bheartas riosca na heagraíochta lena n-áirítear forbairt a chlár riosca agus monatóireacht ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta.

**Comhaltaí 2016:**
Peter Cassells (Cathaoirleach)
John Murphy/Dermot Mulligan
Denis Collins
Geraldine McGinty
Anne Fitzsimons

**An Coiste Maoine**
Déanann sé athbhreithniú ar bheartas i ndáil le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt maoine, déanann sé nósanna imeachta a fhaomhadh maidir le tairiscintí agus bronnadh conarthaí agus déanann sé caiteachas/díolacháin suas le €12 mhilliún a fhaomhadh.

**Comhaltaí 2016:**
Lionel Alexander (Cathaoirleach)
Martin Shanahan
Alan Gray
Peter Cassells

**An Coiste Forbartha Réigiúnaí**
Soláthraíonn an Coiste Forbartha Réigiúnaí treoir faoi ghnéithe forbartha réigiúnaí de Straitéis GFT a chur chun feidhme. Déanann sé athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna réigiúnacha bliantúla agus carnacha GFT agus ar a rannpháirtíocht i bhforbairt straitéise náisiúnta agus réigiúnaí.

**Comhaltaí 2016:**
Alan Gray (Cathaoirleach)
Barry O'Sullivan
John Murphy/Dermot Mulligan
Mary Buckley
Denis Collins

**An Coiste Forbartha Earnála**
Déanann an Coiste Forbartha Earnála athbhreithniú ar thionscnaimh/infheistíochtaí earnála agus tugann sé moltaí don Bhord fúthu. Déanann sé monatóireacht ar thionscnaimh earnála agus déanann sé deimhin de go bhfuil an bonneagar ann chun tacú leis na tionscnaimh.

Déanann sé athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le tionscadal infheistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde agus um Oiliúint Bhithphróiseála (INTOB) chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil torthaí á mbaint amach aige i gcomhréir leis na cuspóirí agsu coinníollacha arna bhfaomhadh ag Bord GFT.

**Forbairt Earnála**
**Comhaltaí an Choiste 2016:**
Geraldine McGinty (Cathaoirleach)
Barry O'Sullivan
Lionel Alexander
Marian Corcoran

**An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair**
Déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus téann sé i mbun pleanála don fhorbairt agus don chomharbas bainistíochta. Déanann an Coiste athbhreithniú freisin ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí i gcomhthéacs threoirlínte an Rialtais.

**Comhaltaí 2016:**
Frank Ryan (Cathaoirleach)
Martin Shanahan
Lionel Alexander
Caroline Dowling

**An Coiste Infheistíochta Bainistíochta**
Déanann siad athbhreithniú ar gach togra cúnamh deontais agus molann siad don Bhord iad. Faoi chumhachtaí a bhí tarmligthe ag an mBord, ceadaíonn an Coiste deontais suas le huasmhéid €500,000.

**Comhaltaí 2016**
Martin Shanahan (Cathaoirleach)
Mary Buckley
Eileen Sharpe
Regina Gannon

# Rialachas Corporáideach

Is gníomhaireacht reachtúil uathrialach é GFT Éireann a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 - 2014. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici cistí a sholáthar chun a cuid oibleagáidí a chur i gcrích agus treoracha ginearálta beartais a eisiúint/eolas a lorg faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Cé gurb iad na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail an phríomhfhoinse rialachais chorparáidigh do GFT Éireann, tá dualgas ar an nGníomhaireacht freisin cloí le raon riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Dearbhaíonn GFT Éireann go bhfuil a cuid oibleagáidí comhlíonta aici maidir leis na riachtanais seo ar fad. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm aici d'fhonn cloí le riachtanais shonracha a chinntiú go háirithe:

**1 Riachtanais Ghinearálta Riaracháin agus Bheartais**
Go náisiúnta, oibríonn GFT Éireann i gcomhar le hoifigigh na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, chun a cuid cuspóirí a chur chun cinn agus le cinntiú go bhfuil riachtanais reachtúla, riaracháin agus Aireachta/Rialtais á gcomhlíonadh. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn an Ghníomhaireacht le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus réimse leathan Eagraíochtaí Áitiúla/Ionadaithe Poiblí chun an timpeallacht áitiúil atá riachtanach chun infheistíocht nua a mhealladh a fhorbairt. Tá GFT Éireann ag leanúint de threoir beartais eisithe ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar 18 Nollaig 2006 a chur chun feidhme, treoir ina sonraítear an méid seo a leanas:

"Ghlac an Coimisiún Eorpach le Treoirlínte um Chúnamh Réigiúnach do na tréimhsí 2007 - 2013 agus 2014 - 2020, maraon le Rialacháin Bhlocdhíolúine don dá thréimhse, rud a fhágann gur féidir scéimeanna um chúnamh réigiúnach a fheidhmiú gan cead a fháil roimh ré ón gCoimisiún Eorpach. D'fhonn cloí leis na riachtanais a eascraíonn ó na Treoirlínte nua agus ó naRialacháin Blocdhíolúine, táthar tar éis Rialacháin Riaracháin um Chúnamh Réigiúnach maidir le scéimeanna um chúnamh réigiúnach don Fhorbairt Tionscail don dá thréimhse a chur i gcrích freisin. Soláthraíonn GFT deontais taighde agus forbartha freisin i gcomhréir le Creatchlár an Chomhphobail um Chúnamh Stáit do Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht 2006".

**2 Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**
Tá tús na tréimhse tuairiscithe airgeadais (.i. an 1 Eanáir 2016) roimh an 1 Meán Fómhair 2016 (dáta éifeachta an Chód Cleachtais nua um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016) agus, mar sin, roghnaigh GFT leagan 2009 an Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chur chun feidhme maidir le Ráitis Airgeadais na bliana 2016. Cloíodh leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009.

Alt 2.6: Arna gcomhlíonadh ag Cathaoirleach an Bhoird i litir ar leithligh tugtha don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ailt 1.8, 7.7 & 7.5 (iii): Tá córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 19).

Alt 9.1.1: Tá beartas an Rialtais um pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na bhfostaithe i gcomhlachtaí Stáit á chomhlíonadh (Bord 2016, leathanach 12 agus Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais Uimh 8, leathanaigh 29-30).

Ailt 1.15 agus 1.17: Rinne an Bord straitéis cúig bliana GFT "Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Ghnóthú 2015-2019" a fhaomhadh. Chomh maith leis sin, ghlac an Bord leis an straitéis Fís 2020. Lena chois sin, tá an Bord tar éis próisis a bhunú d'fhonn pleanáil chorparáideach fhónta a chinntiú, etc., de réir mar a éilítear san Alt seo (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 19 agus Bord 2016, leathanach 12).

Alt 9.3.1: Léiríonn nósanna imeachta taistil GFT Éireann riachtanais beartas taistil an Rialtais agus táthar ag cloí leis na nósanna imeachta sin.

Alt 8.47: Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leithligh a thugtar don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, go bhfuil GFT Éireann tar éis a cuid oibleagáidí de réir an dlí cánach a chomhlíonadh.

Tá na scéimeanna agus na cláir arna riar ag GFT Éireann i gcomhréir leis an reachtaíocht a rialaíonn feidhmiú na Gníomhaireachta agus tá córais bhainistíochta riosca ábhartha i bhfeidhm.

**3 Ráiteas Cleachtais Sp-It/1/04 na gCoimisinéirí Ioncaim ar Chóireáil Cánach Luach Saothair do Chomhaltaí na gCoistí agus na mBord Stáit agus Stát-Urraithe**
Cloíonn GFT Éireann leis an Ráiteas Cleachtais seo go hiomlán.

**4 Treoirlínte maidir le Luacháil agus Bainistiú Tograí Caiteachas Caipitil**
Tá nósanna imeachta láidre bunaithe le fada ag GFT Éireann i ndáil le Luacháil agus Bainistiú na dTionscadal Caiteachas Chaipitil a eascraíonn ó chláir na nDeontas Caipitil nó Maoine. Tá na prionsabail atá sonraithe sna Treoirlínte do Luacháil agus Bainistiú na dTograí Caiteachais Chaipitil á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta seo.

**5 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004**
Tá an comhionannas mar thosaíocht bhunaidh ag GFT. Tá clár oibre forásach comhionannais agus éagsúlachta ag an eagraíocht agus tá tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach. Tá meas ag GFT Éireann ar an éagsúlacht agus déanann sí gach iarracht feidhmiú mar fhostóir comhionannais a spreagann ionchur an duine aonair agus a léiríonn meas ar dhifríochtaí. Chuige seo, tá sí tiomanta do chinntiú nach bhfaighidh aon chomhalta foirne de chuid GFT Éireann, ná iarrthóir ar fhostaíocht in GFT Éireann, cóir is lú fabhar ná duine ar bith eile ar fhorais gnéis, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine, nó toisc gur den lucht siúil iad nó ar aon fhorais eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá GFT tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/ saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann trí chéile.

**6 An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005**
Déanann an tAcht seo, a tháinig in áit fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 1988, comhdhlúthú agus nuashonrú ar an dlí atá ann faoi láthair. Leanann GFT Éireann le bearta oiriúnacha a ghlacadh de láimh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora laistigh dá hoifigí a chosaint agus ar mhaithe le forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo freisin leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

**7 An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988**
Tá struchtúir chomhairleacha ag feidhmiú go héifeachtach in GFT Éireann agus is gné aitheanta iad de struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta. Glacann anlucht bainistíochta agus an fhoireann araon leis an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach. Ina theannta sin, tá socrú breise comhpháirtíochta bunaithe leis na Ceardchumainn chun gníomhaíochtaí a bhaineann le Comhaontú Náisiúnta Bhóthar Haddington a bhrú chun cinn.

**8 An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**
I gcomhréir leis na hAchtanna anseo thuas tá ráitis leasa a chloíonn le forálacha na nAchtanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus comhaltaí foirne GFT Éireann a bhfuil poist ainmnithe acu.

**9 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**
Cloíonn GFT Éireann leis an Acht seo. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannas um Shaoráil Faisnéise, GFT Éireann, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

**10 Éifeachtúlacht Fuinnimh**
I gcomhlíonadh mheamram an Rialtais ó mhí an Mheithimh 2001, úsáideann GFT Éireann prionsabail an 'dea-chleachtais' i gcónaí i ndáil le dearadh, pleanáil agus tógáil foirgneamh oifige agus déantúsaíochta ina Páirceanna Gnó agus Teicneolaíochta. Chomh maith leis sin, tá prionsabail an 'dea-chleachtais' á gcomhlíonadh ag oifigí GFT Éireann sna réigiúin.

**11 (I) Íoc Pras Cuntas**
Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh an GFT le forálacha an Achta sna gnéithe ábhartha uile.

**11 (II) Íocaíocht Phras le Soláthraithe**
Tá GFT Éireann tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn GFT Éireann ar bhonn ráithiúil sa chuid 'Rialachas Corparáideach' (Corporate Governance) den láithreán gréasáin ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

**12 Nochtadh Cosanta**
I gcomhréir leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá nósanna imeachta deimhnithe agus á gcothú ag GFT Éireann maidir le nochtadh cosanta ag oibrithe a bhí, nó atá fostaithe ag GFT Éireann agus chun déileáil leis an nochtadh a dhéantar. Fuair an fhoireann faisnéis scríofa ó GFT Éireann a bhain le nósanna imeachta um nochtadh cosanta.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le GFT Éireann in 2016.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire)**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi mhír 7 den chéad sceideal den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird**

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as cinntiú go dtugann siad léargas ceart agus cóir agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Tá sé de fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích le tagairt do na gnéithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

**Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé an mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Gníomhaireachta, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis leictreonacha airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim, leis, le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Chomh maith leis sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta chun neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas a bhfuil an chuma air go bhfuil sé mícheart ó thaobh ábhair de bunaithe ar, nó atá ag teacht salach go hábhartha leis an eolas a fuair mé féin le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thugaim aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí do mo thuarascáil féin.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Maidir leis na ráitis airgeadais, is é mo thuairim go dtugann siad

- léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail ar 31 Nollaig 2016 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2016, agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.

Is é mo thuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu**

Tuairiscím de réir eisceachta mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó


- má aimsím aon chás ábhartha nuair nach raibh airgead á úsáid chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an t-eolas atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara ná leis an eolas a fuair mé i rith an iniúchta, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais cloí na Gníomhaireachta leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir le hábhair nach ndéantar a thuairisciú ach go heisceachtúil.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
22 Meitheamh 2017

# Ráitis Airgeadais



# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord an GFT, aithním ár bhfreagracht as cinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iándearfa a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go n-aithneofaí iad in am tráthúil.

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí mheán feidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- cultúr láidir freagrachta a fhorbairt ar leibhéil uile na heagraíochta.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas. Baintear é seo amach ar roinnt bealaí lena n-áirítear:

- oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí agus institiúidí éagsúla d'fhonn a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar chuspóirí GFT agus tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta chun na spriocanna sin a bhaint amach;
- athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i ndáil leis na pleananna sin a thabhairt chun críche;
- spriocanna bliantúla agus níos fadtéarmaí a leagan síos do gach réimse dár ngnó á leanúint ag tuairisciú rialta ar na torthaí a bhaintear amach;
- athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar straitéisí inár n-earnálacha gnó;
- nósanna imeachta agus forálacha fairsinge caighdeánacha a bhunú agus a fhorfheidhmiú faoina bhféadfaí cúnamh airgeadais a chur ar fáil do thionscadail, lena n-áirítear forálacha ag éileamh aisíocaíochta mura gcomhlíonann an tionscadal na gealltanais atá déanta ag an tionscnóir.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta déanta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe um infheistíocht chaipitil atá sainithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe ag an GFT, a thuairiscíonn díreach chuig Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca an Bhoird. Tagann an coiste seo le chéile ar bhonn ráithiúil ar a laghad chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha arna n-ullmhú ag an rannóg Iniúchta Inmheánaigh agus ag rannóga eile. Coinníonn an Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca an Bord ar an eolas maidir le nithe atá pléite aige.

Feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh i gcomhréir leis an gCreat-Chód Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cinneann an Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca plean oibre rollach trí bliana um Iniúchadh Inmheánach agus déantar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil de réir mar is gá. Tugann an plean oibre reatha aird ar réimsí riosca fhéideartha a aithnítear i gcleachtadh measúnaithe riosca a bhí curtha i gcrích ag lucht bainistíochta agus é athbhreithnithe ag an gCoiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca agus ag an mBord.

Soláthraíonn an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ráithiúla don Choiste ar thascanna atá curtha i gcrích. Díríonn na tuarascálacha seo aird ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras um rialú inmheánach airgeadais agus ar na bearta ceartaitheacha molta ba cheart a chur i bhfeidhm nuair is gá.

D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ciorclán sa bhliain 2014 a bhain le deontais ó chistí Státchiste a bhainistiú agus le cuntasacht ina leith. Éilítear ar dheontóirí sa chiorclán sin a shonrú gur gá d'fhaighteoirí deontas eolas sainiúil a nochtadh ina ráitis airgeadais. Áirítear ar an bhfaisnéis sin sonraí faoi mhéid an deontais agus faoi conas a úsáidtear na cistí agus eolas faoi rátaí tuarastail an eintitis. D'iarr GFT tarscaoileadh i leith na gceangaltas sin ar an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta, toisc go gcomhlíonann rialuithe láidre trasghníomhaíochta GFT aidhmeanna an Chiorcláin. Fuair GFT an tarscaoileadh.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais faoi thionchar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, obair an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca, dream a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchóra inmheánaigh, agus obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de GFT Éireann atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú airgeadais.

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2016, go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Frank Ryan**
Cathaoirleach
8 Meitheamh 2017

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

**Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird**
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

Bunaíodh Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) Éireann an 1 Eanáir 1994 faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993.

Ceanglaíonn Mír 7(2) den Chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar an nGníomhaireacht gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead a fuarthas agus a caitheadh a choinneáil, ina leithéid d'fhoirm agus a d'fhéadfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fhaomhadh le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:. Agus iad ag ullmhú na gcuntas seo, is gá don GFT:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama

- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Ghníomhaireacht i mbun feidhme

- lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta, faoi réir imeachtaí ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le Mír 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail,1993. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní uile na Gníomhaireachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh de láimh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhord an GFT:


Dáta: 8 Meitheamh 2017



**Frank Ryan**
Cathaoirleach



**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach



**Peter Cassells**
Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe



| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | **155,515** | 155,713 |
| An Ciste Oiliúna Náisiúnta | 3 | **3,000** | 3,000 |
| Aisíocaíochtaí Deontas | 4 | **346** | 2,536 |
| Ioncam Cíosa | | **753** | 1,143 |
| Ioncam Eile | 5 | **2,286** | 2,113 |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **1,333** | 5,440 |
| Maoiniú Iarchurtha Glan i gcomhair Pinsean | 19 (f) | **6,138** | 4,948 |
| | | **169,371** | 174,893 |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Iníoctha | 7 | **95,613** | 98,563 |
| Speansais Cur Chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | 8 (a) | **45,509** | 44,780 |
| Muirir Éalaithe ó Léas | 8 (g) | **-** | 9,400 |
| Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha | 9 | **4,758** | 3,168 |
| Muirir Dímheasa | 10 | **7,749** | 3,872 |
| Muirir Bearnúcháin / (Cealuithe) | 10 | **(36,064)** | - |
| Costais Phinsin | 19 (c) | **6,511** | 6,036 |
| | | **124,076** | 165,819 |
| **Barrachas na Bliana roimh Leithreasaí** | | **45,295** | 9,074 |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 11 | **(331)** | - |
| Aistriú (go) Caipitil | 12 | **(40,552)** | (766) |
| **Barrachas na bliana i ndiaidh Leithreasaí** | | **4,412** | 8,308 |
| Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar 1 Eanáir | | **(3,452)** | (11,760) |
| **Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar 31 Nollaig 2016** | | **960** | (3,452) |

Baineann na suimeanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha. Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhord an GFT:

Dáta: 8 Meitheamh 2017

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

**Peter Cassells**
Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas roimh Leithreasaí | | **45,295** | 9,074 |
| Gnóthachan / (caillteanas) ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir | 19 (d) | **117** | (666) |
| Athrú ar bhoinn tuisceana atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar scoir | 19 (d) | **(27,764)** | (3,532) |
| Gnóthachan / (caillteanas) iomlán achtúireach sa bhliain | | **(27,647)** | (4,198) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair iarchurtha scoir | | **27,647** | 4,198 |
| Ioncam Cuimsitheach iomlán sa bhliain | | **45,295** | 9,074 |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhord an GFT:

Dáta: 8 Meitheamh 2017

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

**Peter Cassells**
Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail ar 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** | | | |
| Maoin Thionsclaíoch | 13 | **152,724** | 112,088 |
| Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **592** | 676 |
| | | **153,316** | 112,764 |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | | |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | 15 | **-** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe** | | **153,316** | 112,764 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 16 | **15,340** | 14,069 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | **6,993** | 9,249 |
| | | **22,333** | 23,318 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 17 | **(9,082)** | (6,654) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **13,251** | 16,664 |
| **Infháltais Fhadtéarmacha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 16 | **139** | 210 |
| **Suimeanna Iníoctha Fadtéarmacha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 17 | **-** | (3,000) |
| **Forálacha** | | | |
| Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear | 18 | **(12,430)** | (17,326) |
| **Pinsin** | | | |
| Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Pinsean | 19 (f) | **139,918** | 106,133 |
| Dliteanas Pinsin | 19 (e) | **(139,918)** | (106,133) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **154,276** | 109,312 |
| **In ionannas:** | | | |
| **An Cuntas Caipitil** | 12 | **153,316** | 112,764 |
| **Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | **960** | (3,452) |
| | | **154,276** | 109,312 |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhord an GFT:

Dáta: 8 Meitheamh 2017

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

**Peter Cassells**
Cathaoirleach
an Choiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2016

| | Nótaí | **2016 €'000** | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Ioncam Breise thar Chaiteachas | | **45,295** | 9,074 |
| (Méadú) / Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 10 | **(28,651)** | 3,506 |
| - Sócmhainní Seasta Eile agus Sócmhainní Teileachumarsáide | 10 | **336** | 366 |
| Caiteachas Caipitlithe | 8 (a) | **(250)** | (70) |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **(1,333)** | (5,440) |
| Ús Bainc | 5 | **(4)** | (4) |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 11 | **(331)** | - |
| (Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte dlite taobh istigh de bhliain amháin | 16 | **(1,271)** | (2,564) |
| Méadú ar mhéideanna Iníoctha dlite taobh istigh de bhliain amháin | 17 | **2,428** | 3,224 |
| (Laghdú) ar Fhorálacha agus ar Mhuirir | 18 | **(4,896)** | (5,769) |
| Laghdú ar mhéideanna Infhaighte dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 16 | **71** | 62 |
| (Laghdú) / Méadú ar mhéideanna Cuntas Iníoctha dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 17 | **(3,000)** | 3,000 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **8,394** | 5,385 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Éadálacha | | **(15,431)** | (8,529) |
| Diúscairtí | | **4,777** | 9,401 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(10,654)** | 872 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús Bainc Faighte | | **4** | 4 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | **4** | 4 |
| **Glan(laghdú) / Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **(2,256)** | 6,261 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar 1 Eanáir | | **9,249** | 2,988 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar 31 Eanáir** | | **6,993** | 9,249 |

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na cuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an GFT leagtha amach thíos. Bhí siad go léir curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sa bhliain roimhe:

### (A) EOLAS GINEARÁLTA

Bunaíodh Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) Éireann ar 1 Eanáir 1994 faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá príomhoifig GFT Éireann suite i dTeach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2. Is Aonán Leasa Phoiblí (ALP) í GFT Éireann. Cuireann aonán leasa phoiblí earraí nó seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, do phobal nó don leas sóisialta agus i gcás go gcuirtear cothromas ar bith ar fáil, tá sé ann le tacú le príomhchuspóirí an aonáin seachas le toradh airgeadais a chur ar fáil do sholáthraithe cothromais, scairshealbhóirí nó baill.

Is é príomhchuspóir GFT Éireann mar atá leagtha amach i gCuid II M8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (GFT Éireann) 1993 ná:

- bunú agus forbairt gnóthas tionsclaíoch ón iasacht a chur chun cinn sa Stát seo.
- infheistíochtaí a dhéanamh i, agus tacaí a chur ar fáil do ghnóthais thionsclaíocha a chloíonn le riachtanais na n-achtachán atá i bhfeidhm i láthair na huaire.
- scéimeanna, deontais agus áiseanna airgeadais eile a riar, trína ndéantar Cistí an Aontais Eorpaigh agus cistí eile dá leithéid a dháileadh de réir mar a bhíonn údaraithe ó am go ham ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus feidhmeanna eile a chur i gcrích de réir mar a bhíonn sannta ag an Aire di ó am go ham.

### (B) RÁITEAS CLOÍ AGUS BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún costais stairiúil, agus iad mionathraithe i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (CTA 102), rud atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, san fhoirm atá faofa ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é airgeadra léirithe Ráitis Airgeadais GFT Éireann ná an Euro. Meastar gurb é airgeadra feidhmiúil GFT Éireann ná an Euro ós rud gurb é an phríomhthimpeallacht eacnamaíoch ina bhfuil an Ghníomhaireacht ag oibriú.

### (C) IONCAM

**Deontais Oireachtais**

Is gnách ioncam a aithint ar bhonn fabhruithe: is é an t-aon eisceacht ná Deontais Oireachtais, rudaí a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

**Aisíocaíochtaí Deontas a Íocadh**

Is gá deontais a íocadh a aisíoc i gcásanna áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta a fuair iad, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais i gcásanna gur dócha go bhfaighidh an GFT ar ais iad agus gur féidir an méid a mheas go réasúnta iontaofa; déantar iad a chuntas mar sin ar bhonn fabhruithe.

**Ioncam Úis**

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe le modh an ráta úis éifeachtaigh.

**Ioncam Cíosa**

Cuimsíonn cíosanna méideanna dlite faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa, le haghaidh tréimhsí suas le 35 bliain, agus iad déanta idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir ar úsáid na dtailte neamhfhorbartha agus muirir chothabhála eastáit gearrtha ar thionóntaí agus bíonn cuntas déanta orthu ar bhonn fabhraithe.

**Ioncam Eile**

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

### (D) SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:

(i) Talamh a choimeádtar chun críocha na forbartha tionsclaíche.
(ii) Oibreacha forbartha suímh.
(iii) Foirgnimh thionsclaíocha léasaithe le tionóntaí lena n-áirítear foirgnimh i mbun díolacháin sa chás nach raibh an teideal gafa ag deireadh na bliana.
(iv) Réadmhaoin fholamh atá ar fáil do chur chun cinn tionsclaíoch nó i mbun díolacháin sa chás nach raibh an teideal gafa ag deireadh na bliana.
(v) Sócmhainní Seasta eile amhail trealamh ríomhaireachta agus oifige, daingneáin, feistí agus motarfheithiclí.

Luaitear Sócmhainní Inláimhsithe Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha agus foráil do bhearnú. Déantar cur ar fáil do dhímheas ar gach sócmhainn inláimhsithe seachas talamh ar rátaí a ríomhtar chun an costas a dhísríobh, lúide luach measta iarmharach gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Foirgnimh | 3% in aghaidh na bliana |
| (ii) | Forbairt Suímh | 10% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Trealamh Oifige / Daingneáin & Feistí | 20% in aghaidh na bliana |
| (iv) | Ríomhairí | 33% in aghaidh na bliana |
| (v) | Mótarfheithiclí | 25% in aghaidh na bliana |
| (vi) | Talamh | 0% in aghaidh na bliana |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ó dhiúscairt sócmhainne i láthair na huaire tar éis do chostais mheasta na diúscartha a bheith bainte, má bhí an tsócmhainn ag aois nó i riocht cheana a bheifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh.

**Bearnú Maoine, Gléasra agus Trealamh**
D'fhéadfaí forálacha le haghaidh bearnú a dhéanamh i ndiaidh athbhreithnithe ar na sócmhainní seasta agus na sócmhainní teileachumarsáide arna gcur i gcrích ag oifigigh de chuid GFT Éireann nó ag luachálaithe neamhspleácha, mar is cuí, dá léireodh teagmhais nó athruithe ar chúinsí nó ar dhálaí eacnamaíocha go mb'fhéidir nach mbeidh méid glanluacha na sócmhainní in-aisghabhála go hiomlán. Aithneofar a leithéid de chur ar fáil sa Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain ina ndéantar iad. I gcás ina léiríonn athbhreithniú ina dhiaidh sin nach ann níos mó do na cúinsí as ar eascair foráil le haghaidh bearnú, nó go bhfuil athrú ábhartha tagtha orthu, déanfar an fhoráil charntha le haghaidh bearnú a laghdú dá réir. Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain. Coimeádtar cuntas ar chealuithe bearnúcháin ó na blianta roimhe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Áirítear sa chostas i ndáil le talamh, forbairt suímh agus maoin thionsclaíoch cionroinnt na gcostas riaracháin a ghabhann le gnóthú nó forbairt na sócmhainní.

**(E) MAOIN THIONSCLAÍOCH**
Maoin Thionsclaíoch atá san áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe, táthar tar éis í a fháil, a fhorbairt nó a thógáil chun críocha cuidiú le cur chun cinn agus forbairt tionscail agus ní mheastar gur maoin infheistíochta atá inti, ach gnáthshócmhainní seasta. Tá Ioncam agus Caiteachas maidir le hidirbhearta Maoine Tionsclaíche leagtha amach i nóta 22 de na Ráitis Airgeadais trí mheán meamraim.

**(F) SÓCMHAINNÍ SEASTA DOLÁIMHSITHE**
Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Doláimhsithe sócmhainní teileachumarsáide atá mar cheart úsáide dochealaithe sciar shainithe de líonra teileachumarsáide domhanda go ceann tréimhse 25 bliain ó 2000.

**(G) SUIMEANNA INFHAIGHTE**
Aithnítear suimeanna infhaighte ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Foráil ar leith atá san fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus cuirtear ar bun í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh GFT ábalta na suimeanna uile atá ag dul dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.
Cuimsíonn suimeanna infhaighte:

(i) Réadmhaoin díolta ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na suimeanna seo ag Rátaí Iasachtaí an Státchiste arna moladh ag an Roinn Airgeadais nó ag an Ráta Tagartha Lascaine AE de réir mar is infheidhme.
(ii) Cíosanna dlite faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa, do thréimhsí suas le 35 bliain, déanta idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir le haghaidh úsáid na dtailte neamhfhorbartha agus muirir chothabhála eastáit gearrtha ar thionóntaí.
(iii) Táillí ó roghanna ceannaigh tugtha ar réadmhaoin GFT, éarlaisí íoctha ag GFT chun réadmhaoin a cheannach sa chás nach bhfuiltear tar éis an teideal a thabhairt don Ghníomhaireacht ag 31 Nollaig, agus soláthar seirbhísí eile.
(iv) Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt nó léasú sócmhainní teileachumarsáide.
(v) Suimeanna dlite i ndáil le comhshocruithe.
(vi) Suimeanna dlite i ndáil le hiasachtaí tugtha agus ús ina leith.

**(H) CUIMSÍONN SUIMEANNA INÍOCTHA MÉIDEANNA INÍOCTHA I NDÁIL LE**

(I) Creidiúnaithe agus Fabhruithe.
(ii) Deontais atá tar éis teacht in aibíocht íocaíochta nuair a chloíonn an deontaí le coinníollacha ordaithe.
(iii) Éarlaisí do dhíolacháin neamhchríochnaithe.

**(I) CUIMSÍONN FORÁLACHA LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR**

(i) Suimeanna soláthartha i ndáil le costais fhéideartha maidir le foráil trochlaithe léasanna oibriúcháin.
(ii) Suimeanna soláthartha nuair a mheastar go sáróidh na costais todhchaí ag éirí as léasanna oibriúcháin na suimeanna in-aisghabhála ó fholéasaithe.

**(J) AIRGEADRAÍ COIGRÍCHE**
Aistrítear sócmhainní agus dliteanais a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ar na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach. Déileáiltear sa Chuntas Oibriúcháin agus Caiteachais agus i gCúlchistí Ioncaim Choinnithe le brabúis agus caillteanais ag eascairt ó aistrithe airgeadraí eachtracha agus ar imréiteach na suimeanna infhála agus iníoctha in airgeadra eachtrach.

**(K) LÉASANNA**
Déileáiltear sna Ráitis Airgeadais leis na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás maoine tionsclaíche atá ar fáil lena cur chun cinn, déanann an Ghníomhaireacht foráil, nuair is infheidhme, le haghaidh íocaíochtaí cíosa na todhchaí.

**(L) SOCHAIR D'FHOSTAITHE**
**Sochair Ghearrthéarmacha**
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus bíonn sochair a bhíonn fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

**Sochair Scoir**
Rinne an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a dhíscaoileadh ) 2014 (Uimh 13/2014), a ritheadh le bheith ina dhlí ar an 16 Iúil 2014, foráil do dhíscaoileadh Forfás agus do bhunú GFT Éireann, Fhiontar Éireann agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhostóirí dlíthiúla

ar leith forbraíonn gach gníomhaireacht a scéim pinsin féin agus tugann siad le fios go mbeidh an lucht oibre a bhí ina mbaill de Scéim Pinsin Forfás ag dul isteach i Scéim nua na Gníomhaireachta ar théarmaí aoisliúntais atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bronnadh orthu faoi Scéim Forfás díreach roimh an dáta aistrithe, agus beidh foireann na ngníomhaireachtaí ina mbaill de na scéimeanna seo; na heagraíochtaí seo ag déanamh cuntasaíochta do Dhliteanais ghaolmhara Pinsin faoi CTA102. Beidh freagracht dhlíthiúil ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i leith na Scéimeanna Pinsin atá ann faoi láthair, pinsinéirí agus iarbhaill foirne le sochair choinnithe ó Fhorfás.

Faoin Acht Um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 beidh daoine a théann isteach sa tseirbhís poiblí in n-iontrálaithe den chéad uair ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá freagracht dhlíthiúil iomlán ar an GFT as a bhfostaithe mar fhostóir dhlíthiúil orthu. Áirítear anseo freagracht i leith phinsean na bhfostaithe reatha a d'éirigh as tar éis 16 Iúil 2014. Léiríonn na Ráitis Airgeadais na costais phinsin i leith bhaill foirne an GFT atá á n-íoc ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Léiríonn costais phinsin an GFT scéimeanna neamhchistithe pinsin le sochar sainithe, a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead atá ar fáil chuige, lena n-áirítear airgead a chuirtear ar fáil tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó ranníocaíochtaí áirithe a bhaintear de thuarastail foirne. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe i rith an tréimhse agus léirítear na costais mar ghlaniomlán ranníocaíochtaí coinnithe pinsin foirne. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an ranníocaíocht phinsin mar ioncam sa mhéid is a bhfuil sé in-aisghabhála, agus cuidíonn deontais, a fhaightear i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh, leis an mbrú a sheachaint. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn i ndliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Déantar dliteanais scéim pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

**(M) BREITHIÚNAIS, MEASTACHÁIN AGUS BOINN TUISCEANA RÍTHÁBHACHTACHA**

Agus beartais chuntasaíochta GFT Éireann á gcur i bhfeidhm, is gá do lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a thabhairt/a dhéanamh faoi mhéideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil follasach ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile a mheastar a bheith bainteach. D'fhéadfadh fíorthorthaí a bheith difriúil leis na meastacháin seo. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus na boinn tuisceana bhunúsacha. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athmheas ar an meastachán má théann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse sin amháin, nó sa tréimhse sin agus i dtréimhsí ina dhiaidh sin má théann an leasú i bhfeidhm ar thréimhsí i láthair na huaire agus amach anseo. Bhí an tionchar is mó ag na breithiúnais agus meastacháin seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

**Luachanna iarmharacha agus dímheas sócmhainní**

Tá lucht bainistíochta tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shaol agus luachanna gaolmhara iarmharacha shócmhainní na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá sé mar chonclúid acu go bhfuil saol agus luachanna iarmharacha na sócmhainní cuí.

**Athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní**

Déantar athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a ndéantar amúchadh orthu cibé uair a thugann teagmhais nó athruithe ar dhálaí le fios go bhfuil an seans ann nach féidir an méid glanluacha a fháil ar ais. Aithnítear caillteanas bearnúcháin i leith an mhéid lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála. Is ionann an méid in-aisghabhála agus an ceann is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach úsáide.

**Oibleagáid na sochar scoir**

Bíonn na boinn tuisceana atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais dóibh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh agus rátaí básmhaireachta amach anseo), bíonn siad nuashonraithe go bliantúil i bhfianaise dálaí reatha eacnamaíocha agus maidir le hathruithe bainteacha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsean agus iar-scoir.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí margaidh saothair amach anseo
(iii) athruithe ar dhéimeagrafaic

**Forálacha**

Déanann an Ghníomhaireacht foráil d'oibleagáidí dlí agus cuiditheacha, agus tá a fhios aici go bhfuil siad seo gan íoc ar dháta dheireadh na tréimhse. Is gnách na forálacha seo a dhéanamh i bhfianaise eolais stairiúil nó ábhartha eile, agus iad athraithe do threochtaí le déanaí pé áit ar bainteach. Ach is meastacháin iad de na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais a bhfuil an seans ann nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air seo agus an leibhéal éiginnteacha a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh an fíorthoradh a bheith difriúil go mór leis an méid a measadh.

## 2 Deontais Oireachtais

Soláthraítear na Deontais Oireachtais faoi alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. B'ionann an comhiomlán a soláthraíodh don GFT i ndáil le Deontais do Thionscal agus Deontais do Mhaoin Thionsclaíoch sa tréimhse idir 1 Eanáir 1994 agus 31 Nollaig 2016 agus €2.508bn.

Cuimsíonn na Deontais Oireachtais mar atá sonraithe sna Ráitis Airgeadais na suimeanna airgid seo a íocadh trí vóta 32: - Poist, Fiontair agus Nuálaíocht:

| | | **2016** | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| Deontais um Chaiteachas ar Chur Chun Cinn agus ar Riarachán | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (i) | **39,865** | 39,713 |
| Deontas do Thionsclaíocht | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (ii) | **92,756** | 98,000 |
| Deontas um Réadmhaoin Thionsclaíoch | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (iii) | **22,894** | 18,000 |
| | | **155,515** | 155,713 |

Tá an Deontas um Chaiteachas ar Chur chun Cinn agus ar Riarachán ar €39.865m luaite gan ranníocaíochtaí pinsin fostaithe ar luach €943,538 (€886,433 - 2015), a cuireadh ar ais go dtí an Státchiste, a bheith curtha san áireamh.

## 3 An Ciste Oiliúna Náisiúnta

Áirítear leis na híocaíochtaí deontais oiliúna €9.729m (féach nóta 7) íocaíochtaí deontais oiliúna dear luach €3 mhilliún (€3 mhilliún in 2015) a íocadh le cistí a fuarthas tríd an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, a riartar trí Fho-mhírcheann B3 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Cloíonn na híocaíochtaí a rinneadh le riachtanais reachtúla an Chiste mar a cuireadh ar fáil in alt 7 den Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000.

## 4 Aisíocaíochtaí Deontas

Nuair a sháraíonn cliantchuideachta na coinníollacha i gcomhaontú deontais, bíonn an deontas in-aisghabhála. I gcaitheamh na bliana, fuair an Ghníomhaireacht €346 milliún (€2.536m in 2015) ar ais maidir le haisíocaíochtaí deontais.

## 5 Ioncam Eile

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ioncam ó fholigean Réadmhaoine athshannta ó Forfás | **-** | 226 |
| Cóiríocht Oifige ar Léas a fholigean leis an earnáil phríobháideach | **1,917** | 1,583 |
| Ús Bainc | **4** | 4 |
| Ioncam Táille i ndáil le Tailte Neamhfhorbartha | **251** | 227 |
| Ús ar Idirbhearta Maoine Tionsclaíche | **54** | 27 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **60** | 46 |
| | **2,286** | 2,113 |

## 6 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Comaoin (táillí agus costais dhíreacha ghlana) | **4,777** | 9,401 |
| Costais Stairiúla | **(7,598)** | (12,753) |
| Cuntas forálacha bearnúcháin | **1,071** | 2,008 |
| Cuntas forálacha dímheasa | **3,083** | 6,784 |
| | **1,333** | 5,440 |

Tá an brabús ar dhiúscairt €1.333m luaite mar gan caillteanais €0.196m a bheith curtha san áireamh.

## 7 Deontais Iníoctha

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Caipiteal | **19,504** | 13,095 |
| Fostaíocht | **18,979** | 20,240 |
| T agus F | **44,765** | 55,595 |
| Oiliúint | **9,729** | 8,808 |
| Deontais Eile | **2,636** | 825 |
| | **95,613** | 98,563 |

## 8 Costais Cuir chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta

| **(a)** | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Táillí, costais agus luach saothair comhaltaí boird – féach 8 (d) | **279** | 248 |
| Costais eile luach saothair – féach 8 (b) | **24,346** | 23,098 |
| Margaíocht, comhairliúchán, poiblíocht agus fógraíocht | **10,022** | 8,710 |
| Riarachán Ginearálta | **11,042** | 11,932 |
| Costais maoine léasaithe neamhthionscail a athshannadh ó Forfás* | **-** | 1,187 |
| Táille Iniúchóireachta | **50** | 50 |
| Soláthar in aghaidh Fiacha Amhrasacha | **20** | (375) |
| Lúide: Caipitliú caiteachais a bhaineann le forbairt maoine tionsclaíche | **(250)** | (70) |
| | **45,509** | 44,780 |

*Costais réadmhaoine san áireamh ar léas a foirceannadh i mí na Nollag 2015

## 8 (b)

| Is iad na costais eile luach saothair atá i gceist:: | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Pá agus tuarastail | **23,043** | 21,885 |
| ÁSPC Fostóra | **1,303** | 1,213 |
| Costais pinsean - ranníocaíocht an fhostóra | **-** | - |
| | **24,346** | 23,098 |

In 2016, baineadh €843k de thobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta é.

## 8 (c)

| **Miondealú Tuarastal Buan Sochair d'Fhostaithe** | **Líon na bhFostaithe (CL) 2016** | **2015** |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 38 | 35 |
| €70,001 go €80,000 | 26 | 31 |
| €80,001 go €90,000 | 26 | 25 |
| €90,001 go €100,000 | 11 | 10 |
| €100,001 go €110,000 | - | 1 |
| €110,001 go €120,000 | 1 | - |
| €120,001 go €130,000 | 3 | 3 |
| €130,001 go €140,000 | - | - |
| €140,001 go €150,000 | 2 | 3 |
| €150,001 go €160,000 | 1 | - |
| €160,001 go €170,000 | 1 | 1 |

8 (d)

| Ba é seo a leanas luach saothair chomhaltaí an Bhoird:: | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| Frank Ryan (Cathaoirleach) | **20,520** | 20,520 |
| Martin Shanahan (Príomhfheidhmeannach) | **-** | - |
| Lionel Alexander | **11,970** | - |
| Mary Campbell (Imithe ar scor 2015) | **-** | 11,970 |
| Peter Cassells | **11,970** | 11,970 |
| Denis Collins | **11,970** | 3,757 |
| Marian Corcoran (Ceaptha 2016) | **4,183** | - |
| Caroline Dowling | **-** | - |
| Paul Duffy (Imithe ar scor 2015) | **-** | - |
| Anne Fitzsimons (Ceaptha 2016) | **4,183** | - |
| Alan Gray | **-** | - |
| Geraldine McGinty | **11,970** | 11,970 |
| John Murphy | **-** | - |
| Barry O'Sullivan | **11,970** | 3,757 |
| | **88,736** | 63,944 |

Tháinig caiteachas Chomhaltaí an Bhoird in 2016 go €22,244, miondealaithe mar seo: €9,603 do chóiríocht agus €12,641 do chostais eile taistil, chothabhála agus dheimhnithe bia.

| Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh | 2016 € | 2015 € |
|---|---|---|
| An tUas. Martin Shanahan | 168,210 | 168,210 |
| **Iomlán** | **168,210** | **168,210** |

Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) tuarastal bliantúil de €168,210 mar aon le húsáid carr cuideachta (rud ar tháinig deireadh leis an 28 Feabhra 2016) faoi réir sochair chomhchineáil €2,345 (€14,070 in 2015). Ní théann teidlíocht phinsin an POF thar ghnáthshocrúcháin chaighdeánacha phinsin na hearnála poiblí.

8 (e)

**Cíos Bliantúil Iníoctha i ndáil le Cóiríocht Oifige Léasaithe**

| | Líon na nOifigí | Dáta Éaga Léasa | Cíos Comhlán Iníoctha 2016 €'000 | Cíos Comhlán Iníoctha 2016* €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Ceannoifig | 1 | 2019 | **4,625** | **2,043** |
| Oifigí Réigiúnacha | 4 | 2017-2028 | **323** | **323** |
| Oifigí Thar Lear | 18 | 2016-2021 | **2,007** | **2,007** |
| | | | **6,955** | **4,373** |

*Áirítear anseo suimeanna a fuarthas ó chomhlachtaí Stáit eile agus ó thionóntaí príobháideacha atá i gcuid de na foirgnimh oifige atá i gceist.

(i) I gcás na Ceannoifige agus deich n-oifig thar lear, is amhlaidh go bhfuil an chóiríocht comhlonnaithe le Gníomhaireachtaí Stáit eile agus / nó le Misin de chuid Rialtas na hÉireann.

(ii) Rinneadh athnuachan ar dhá léas oifige in 2016 thar lear.

(iii) Tá clásal scoir in 2017 agus 2022 ag léas oifige réigiúnaí amháin.

(iv) Níl aon réadmhaoin a úsáidtear nó atá ar fáil do chóiríocht a cuid foirne faoi úinéireacht na Gníomhaireachta.

**8 (f)**

**Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin**

An 31 Nollaig, b'ionann an gealltanas faoi léasanna oibriúcháin agus €26.2m. Beidh deireadh leis na léasanna seo mar seo a leanas:

| | | **2016 €'000** | | | 2015 €'000 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Maoin neamh-thionsclaíoch** | **Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna** | **Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair cur chun cinn** | Maoin Neamhthionsclaíoch Athluaite | Maoin Thionsclaíoch á hÚsáid faoi Léasanna Athluaite | Maoin Thionsclaíoch ar Fáil i gComhair Cur Chun Cinn Athluaite |
| laistigh de bhliain amháin | **6,955** | **765** | **1,458** | 6,730 | 1,957 | 2,630 |
| sa dara go dtí an cúigiú bliain agus na blianta sin san áireamh | **13,950** | **117** | **295** | 17,217 | 1,258 | 2,321 |
| breis is cúig bliana | **2,663** | **-** | **-** | 488 | - | - |
| | **23,568** | **881** | **1,754** | 24,435 | 3,215 | 4,951 |

8 (g)

**Muirir Éalaithe ó Léas 2015**

Bhí leas bunaidh na léas-seilbhe, léas iomlán deisiúcháin agus árachais ar feadh 65 bliain tógtha i dTeach Carrisbrook ag an gComhairle Oiliúna (AnCO – réamhtheachtaí FÁS/SOLAS) in 1969. Tugadh an léas don iar-Údarás Forbartha Tionscail in 1976 agus tugadh é ina dhiaidh sin do Forfás in 1994. Sular díscaoileadh Forfás in 2014, bhí Teach Carrisbrook tugtha do GFT Éireann.

Bhí 85% de Theach Carrisbrook folamh ar feadh roinnt blianta, cé go raibh sé á mhargú go gníomhach ag Forfás agus an GFT i ndrochdhálaí margaidh. Bhí an costas ard ar athchóiriú ar an bpríomhchúis nár baineadh comhaontú amach chun an foirgneamh a fholigean. Anuas air sin, ní raibh foirgneamh iomlán ag an GFT mar gheall ar an léas le tionónta go dtí 2025, rud a chuireann teorainn leis an oiread margaíochta is féidir a dhéanamh air.

Rinne an GTF breithniú in 2015 ar roinnt roghanna maidir le húsáid an fhoirgnimh amach anseo. Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar na roghanna, chinn an GFT ar éirí as an léas le héifeacht ó Nollaig 2015 agus ba é an rogha ba shaoire don Stát. Chuaigh an GTF i mbun comhaontú chun iomlán €9.4m a íoc leis an tiarna talún thar 3 bliana (luach reatha €8.93m), agus bhí €2.4m i gceist leis an gcéad íocaíocht i Nollaig 2015 le híocaíochtaí breise de €4 in 2016. Rinne an GTF cinneadh sa chomhthéacs go bhfuil dliteanas conarthach ar an Stát cíos a íoc thar an gcuid eile den léas go dtí 2034 agus dliteanais bhreise i gceist ó léas iomlán deisiúcháin agus árachais.

Bhí an íocaíocht €9.4m (luach reatha €8.93m) i bhfad níos fearr ná leanúint den léas ar ghlanluach measta reatha €22.58m thar an gcuid eile de shaol an léasa, méid arb ionann é agus coigilteas mór don stát, is é sin, méid measta €13.65m.

**9 Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha**

Cuimsíonn na costais seo na glanchostais a bhaineann le foirgnimh thionsclaíocha atá curtha ar fáil ag an earnáil phríobháideach agus costais chothabhála maidir le gach foirgneamh tionsclaíoch atá ag an GFT is féidir a chur chun cinn. Cuimsíonn na costais: costais ghairmiúla, dlí agus chomhairleachta €1.64m [2015 €1.008m], glanchostais oibriúcháin léasa €3.966m [€4.236m - 2015] agus costais chothabhála ionad gnó ar €4.048m [2015 €3.693m], agus iad laghdaithe ag an nglanghluaiseacht forálacha maidir le léasanna oibriúcháin (mar atá leagtha síos i nóta 18) ar luach €4.896m [2015 €5.769m].

**10 Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta**

| | Nótaí | **2016**<br>**€'000** | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Muirir Dímheasa** | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **7,413** | 3,506 |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **336** | 366 |
| **Muirir Bearnúcháin / (Cealuithe)** | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **(36,064)** | - |
| | | **(28,315)** | 3,872 |

Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní a dhíscríobh lúide, nuair is infheidhme, aon fhoráil bhearnúcháin le linn na coda eile dá saolré measta úsáideach. Ní dhéantar aon fhoráil do dhímheas maidir le talamh ná infheistíochtaí.

Tagann muirir bearnúcháin aníos nuair is mó an luach de réir na leabhar ar Mhaoin Thionsclaíoch agus Sócmhainní Teileachumarsáide ná a luach measta in-aisghabhála. Tagann cealuithe bearnúcháin aníos nuair is soiléir go bhfuil luach in-aisghabhála na Maoine Tionsclaíche nó na Sócmhainní Teileachumarsáide níos mó ná an luach de réir na leabhar, suas go dtí luach an bhearnúcháin bhunaidh.

## 11 Ranníocaíocht leis an Státchiste

Trí chomhaontú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, tá fáltais ó ghníomhaíochtaí poiblíochta agus riaracháin, aisíocaíochtaí deontais, fáltais CSTE (ESF), díolachán maoine tionsclaíche agus teacht isteach ó dhíolachán nó/agus léasú sócmhainní teileachumarsáide, más amhlaidh go bhfuil siad níos mó ná riachtanais chaiteachais na Gníomhaireachta, tá siad in-aisíoctha leis an Státchiste. Áirítear i measc na ranníocaíochtaí €331m (€Nialas in 2015) leis an Státchiste in 2016:

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Riarachán | **331** | - |
| Aisíocaíochtaí Deontas | **-** | - |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | **-** | - |
| | **331** | - |

## 12 Caipiteal

| | Nótaí | €'000 | 2016 €'000 | €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir | | | **112,764** | | 111,998 |
| **Glanghluaiseachtaí ar:** | | | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **40,636** | | 707 | |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **(84)** | | 59 | |
| **Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | | | **40,552** | | 766 |
| Ar 31 Nollaig | | | **153,316** | | 112,764 |

## 13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Maoin Thionsclaíoch

| Costas | Talamh €'000 | Forbairt Suímh €'000 | Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna €'000 | Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair cur chun cinn €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir | 264,446 | 152,702 | 22,795 | 7,821 | **447,764** |
| Méid breise | 3,571 | 2,736 | - | 9,122 | **15,429** |
| Aistrithe | - | - | (1,952) | 1,952 | **-** |
| Diúscairtí | (4,159) | (3,064) | (142) | - | **(7,365)** |
| Ar 31 Nollaig | 263,858 | 152,374 | 20,701 | 18,895 | **455,828** |
| **Foráil do Bhearnúchán** | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | 167,149 | 7,836 | 5,962 | 1,017 | 181,964 |
| Muirear / (Cealú) don Bhliain | (29,790) | (5,898) | (376) | - | **(36,064)** |
| Aistrithe | - | - | (548) | 548 | **-** |
| Diúscairtí | (1,071) | | - | - | **(1,071)** |
| Ar 31 Nollaig | 136,288 | 1,938 | 5,038 | 1,565 | **144,829** |
| **Foráil do Dhímheas** | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | - | 141,447 | 13,132 | (867) | **153,712** |
| Muirear don Bhliain | - | 6,543 | 225 | 645 | **7,413** |
| Aistrithe | - | - | (1,081) | 1,081 | **-** |
| Diúscairtí | - | (2,712) | (138) | - | (2,850) |
| Ar 31 Nollaig | - | 145,278 | 12,138 | 859 | **158,275** |
| **Glanmhéid na Leabhar** | | | | | |
| Ar 31 Nollaig | 127,570 | 5,158 | 3,525 | 16,471 | **152,724** |
| Ar 1 Eanáir | 97,297 | 3,419 | 3,701 | 7,671 | **112,088** |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | | | | | **40,636** |

(a) Áirítear sa tábla thuas suim a bhaineann le comhaontú a rinne an Ghníomhaireacht in 2004 le Comhairle Contae Fhine Gall le tailte a fhorbairt i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath ar leis an chomhairle iad, chun iad a dhíol ina dhiaidh sin le fiontair thionsclaíocha. Faoi théarmaí an tsocrúcháin, tá GFT freagrach as feabhsúcháin bhonneagracha a dhéanamh ar na tailte. Íocann an Ghníomhaireacht as costais iomlána na hoibre seo agus tá sí i dteideal leath de na fáltais ó dhíolacháin ar bith a fháil. €Nialas an ghlansuim leabhair a chuimsítear thuas maidir leis an socrú seo.

## 14 Sócmhainní Seasta Eile

| | Mótarfheithiclí | Trealamh Oifige agus Ríomhaireachta, Daingneáin agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir | 12 | 10,565 | **10,577** |
| Méid breise | - | 252 | **252** |
| Aistriú ó ghníomhaireacht stáit eile | - | - | **-** |
| Diúscairtí | (12) | (221) | **(233)** |
| Ar 31 Nollaig | | 10,596 | **10,596** |
| **Foráil do Dhímheas** | | | |
| Ar 1 Eanáir | 12 | 9,889 | **9,901** |
| Muirear don Bhliain | - | 336 | **336** |
| Aistriú ó ghníomhaireacht stáit eile | - | - | **-** |
| Diúscairtí | (12) | (221) | **(233)** |
| Ar 31 Nollaig | - | 10,004 | **10,004** |
| **Glanmhéid na Leabhar** | | | |
| Ar 31 Nollaig | - | 592 | **592** |
| Ar 1 Eanáir | - | 676 | **676** |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | - | (84) | **(84)** |

## 15 Sócmhainní Teileachumarsáide

Agus é ag gníomhú de bhun cinneadh Rialtais, chuaigh GFT Éireann, i gcomhar leis an Roinn Fiontar Poiblí (arb í an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil anois í), i mbun conarthaí in 1999 do cheannach sócmhainní teileachumarsáide i bhfoirm ceart dochloíte chun leas a bhaint as cion ainmnithe de líonrateileachumarsáide domhanda ar feadh tréimhse 25 bliain ón mbliain 2000 ar aghaidh.
Díoladh cuid den toilleadh a cheannaigh GFT Éireann le roinnt soláthróirí seirbhíse. Tá costas stairiúil €38.85 milliún ar na sócmhainní fágtha, méid a díscríobhadh trí mhuirear bearnúcháin €21 milliún in 2002 agus dímheas comhchruinnithe €17.85m thar 8 mbliana ó 2000, rud a raibh glanluach leabhar nialais i gceist leis

## 16 Suimeanna Infhaighte

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:** | **€'000** | €'000 |
| Cuntais Infhála agus Réamhíocaíochtaí | **16,612** | 15,344 |
| Soláthar le haghaidh Fiacha Amhrasta | **(1,271)** | (1,274) |
| Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt Maoine Tionsclaíche | **(1)** | (1) |
| Ús Infhála | **-** | - |
| | **15,340** | 14,069 |
| **Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | |
| Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt Maoine Tionsclaíche | **139** | 210 |
| | **15,479** | 14,279 |

Cuimsíonn figiúr na gCuntas Infhaighte agus Réamhíocaíochtaí ar luach €16.612m méid €3m maidir le híocaíocht €3m a bhí faofa ag an mBord le Comhairle Contae Shligigh le cabhrú le forbairt bóthair a mhaoiniú i mBaile Shligigh. Beidh an bóthar mar fheabhsú ar an teacht ar na tailte atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta d'fhonn páirc ghnó a fhorbairt. Tá an Ghníomhaireacht tiomanta €2m breise a chur ar fáil don fhorbairt, rud a íocfar in 2017 nuair a bheidh an tionscadal tosaithe.

## 17 Suimeanna Iníoctha

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:** | **€'000** | €'000 |
| Cuntais Iníoctha agus Fabhruithe | **8,857** | 6,457 |
| Suim atá dlite ar Dhíolacháin Neamhchríochnaithe | **225** | 197 |
| | **9,082** | 6,654 |
| **Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | |
| Méideanna dlite i leith éirí as léas | **-** | 3,000 |
| | **9,082** | 9,654 |

## 18 Foráil do Dhliteanais agus Muirir

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Foráil le haghaidh Léasanna Oibriúcháin** | **€'000** | €'000 |
| 1 Eanáir | **17,326** | 23,095 |
| Glan(laghdú) don bhliain | **(4,896)** | (5,769) |
| **Iomlán ar 31 Nollaig** | **12,430** | 17,326 |

Cuimsíonn an Soláthar do Léasanna Oibriúcháin:

- Costais fhéideartha ar athchóiriú foirgnimh a bhaineann le hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin.
- Costais todhchaí ag éirí as léasanna oibriúcháin a mheastar a sháróidh na suimeanna is in-aisghabhála ó fholéasaithe.

## 19 Pinsin

**(a)**

Tá freagracht ar an GFT i leith costais phinsin do bhaill foirne a théann ar scor tar éis 16 Iúil 2014, faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Acht um Fhorfás a Dhíscaoileadh 2014). Beidh na baill foirne a bhí ina mbaill de Scéim Pinsin Forfás ag dul isteach i Scéim nua an GFT ar théarmaí aoisliúntais atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bronnadh orthu faoi Scéim Forfás díreach roimh an dáta aistrithe ó Fhorfás go dtí an GFT. Beidh na catagóirí foirne seo a leanas sa GFT faoi chumhdach scéim an GFT:

**Baill Foirne Chumhdaithe**

(a) Baill foirne a earcaíodh suas go dtí 5 Aibreán 1995 agus a bhí inphinsin tar éis an dáta sin.
(b) Baill foirne a earcaíodh tar éis 5 Aibreán 1995 agus roimh 1 Eanáir 2013.
(c) Baill foirne a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013 ar baill iad den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Áirítear scéimeanna do Chéilí agus do Pháistí i ngach ceann de na Scéimeanna. Tháinig an Scéim nua Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") in éifeacht ar 1 Eanáir 2013. Beidh daoine a théann isteach sa tseirbhís poiblí ina n-iontrálaithe den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, i gcoitinne. Leagtar amach rialacha na Scéime Aonair san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Ní chuirtear dliteanais phinsin i leith na ndaoine atá fostaithe faoin Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair ar feadh tréimhse is giorra ná dhá bhliain san áireamh i ríomh pinsean, mar nach ngnóthóidh siad cearta pinsin go dtí go mbeidh dhá bhliain curtha isteach acu.

Déanann GFT na glanchostais a bhaineann le gnáthscor a shásamh. Íoctar na costais seo as ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí a fhaigheann an GFT ó bhaill foirne sna scéimeanna ranníocaíochta neamhchistithe mar atá leagtha amach thuas chun cuid de na dliteanais reatha phinsin a mhaoiniú. Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh na sócmhainní a bhain leis an Iar-Údarás Forbartha Tionscail go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna pinsin atá bainteach leis an dá chiste seo bailí go fóill do bhaill atá ann cheana féin gan cur isteach ar shochair ná ar fhorálacha ábhartha do bhaill. Cuireann GFT Éireann ranníocaíochtaí fostaithe ar ais go dtí an Státchiste. Chuir an GFT €943k de ranníocaíochtaí fostaithe ó na scéimeanna seo ar ais go dtí an Státchiste in 2016 agus íoctar costais phinsin de réir Deontas Oireachtais Vóta 32 Fo-mhírcheann A5 (i).

**(b) Nochtadh Pinsin faoi FRS102**

Éilíonn an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA102) go léireoidh na ráitis airgeadais luach cothrom na sócmhainní agus na ndliteanas ó oibleagáidí aoisliúntais fostóra agus aon mhaoiniú ábhartha, agus go mbeidh na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil aitheanta sna tréimhsí cuntasaíochta ina ngnóthaíonn fostaithe iad.

**(c) Anailís ar Mhuirear Iomlán Pinsin**

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Costais Seirbhíse | **4,605** | 4,605 |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsin | **2,849** | 2,317 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe a úsáidtear in íocaíocht Phinsean | **(943)** | (886) |
| | **6,511** | 6,036 |

**(d) Anailís ar mhéid a aithníodh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach**

| | **€'000** | €'000 |
|---|---|---|
| (Caillteanais) / gnóthachain taithí | **117** | (666) |
| Athruithe sna Boinn Tuisceana (Caillteanais) | **(27,764)** | (3,532) |
| **(Caillteanas) / Gnóthachan Achtúireach** | **(27,647)** | (4,198) |

**(e) Dliteanas Pinsin**

| **Athrú ar Dhliteanais Scéimeanna Pinsin** | **€'000** | €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | **106,133** | 96,987 |
| Costas Seirbhíse Láithreach | **4,605** | 4,605 |
| Costais Úis | **2,849** | 2,317 |
| Íocaíochtaí do Phinsinéirí | **(1,316)** | (1,974) |
| Caillteanas achtúireach | **27,647** | 4,198 |
| **Luach Reatha Oibleagáidí na Scéime ar 31 Nollaig** | **139,918** | 106,133 |

**(f) Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin i mbliana**

| | **2016** | 2015 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith Chostais Phinsin na Bliana Láithrí | **7,454** | 6,922 |
| Maoiniú i gcomhair Pinsin a íoc | **(1,316)** | (1,974) |
| | **6,138** | 4,948 |

Aithníonn an GFT mar shócmhainn méid atá comhfhreagrach leis an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean de réir na mbonn tuisceana a leagtar amach thíos agus de réir roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na gcásanna seo áirítear an bonn reachtúil le haghaidh bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá ann i leith maoiniú i gcomhair pinsin seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios don GFT nach mbeidh an beartas maoinithe seo in ann suimeanna dá leithéid a sheasamh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Luach €139.918m san iomlán a bhí ar an tsócmhainn iarchurtha mhaoinithe i gcomhair pinsean ar 31 Nollaig 2016 (2015 - €106.133m). Bunaítear cainníochtú an dliteanais ar bhoinn tuisceana airgeadais a leagtar amach i nóta 19 (g). Déantar na boinn tuisceana atá in úsáid, agus atá bunaithe ar chomhairle achtúireacha, a mholadh don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

**(g) Luacháil**

Bunaíodh an luacháil atá in úsáid le haghaidh nochtadh FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach ar 31 Nollaig 2016. Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le dliteanais scéime faoi CTA102 a ríomh amhail ar 31 Nollaig;

| **Modh Luachála- Aonad réamh-mheasta** | **2016** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.90% sa bhliain | 2.70% sa bhliain | 2.40% sa bhliain |
| Méaduithe ar thuarastail todhchaí | 3.35% sa bhliain | 3.20% sa bhliain | 2.75% sa bhliain |
| Méaduithe ar phinsin stáit todhchaí | 3.35% sa bhliain | 3.20% sa bhliain | 2.75% sa bhliain |
| Méaduithe ar phinsin todhchaí | 2.85% sa bhliain | 2.70% sa bhliain | 2.25% sa bhliain |
| Boilsciú Amach Anseo | 1.85% sa bhliain | 1.70% sa bhliain | 1.25% sa bhliain |

| **Bliain ina mbaintear amach aois 65** | **2016** | **2036** |
|---|---|---|
| Ionchas Saoil - Fir | 21.1 | 23.6 |
| Ionchas Saoil - Mná | 23.6 | 25.7 |

**(h) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe - Tosaithe in 2014**

| Ag deireadh na bliana 31 Nollaig | 2016 €'000 | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Oibleagáid Sochair Shainithe | 139,918 | 106,133 | 96,987 |
| **Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime:** | | | |
| Méid | 117 | (666) | 2,442 |
| Mar Chéatadán de Dhliteanais na Scéime | 0.1% | (0.6%) | 2.5% |
| **(Caillteanas) / gnóthachan iomlán aitheanta sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach:** | | | |
| Méid | (27,647) | (4,198) | 2,041 |
| Mar Chéatadán de Dhliteanais na Scéime | (19.8%) | (4.0%) | 2.0% |

**20 Gealltanais**

Meastar gurb ionann na híocaíochtaí sa todhchaí ar dócha iad a bheith ag eascairt as Gealltanais Deontais agus €331m ar 31 Nollaig 2016 (2015: €298m). B'ionann Gealltanais Chaipitiúla gan íoc ar 31 Nollaig 2016 ar chonarthaí chun Maoin Thionsclaíoch a fháil agus a fhorbairt agus €23m (2015: €13m).

**21 Cánachas**

Foráiltear díolúine ó cháin in alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 d'ioncam na gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála. Níl feidhm ag an díolúine seo maidir le hús ó thaiscí. Nuair a bhíonn an t-ús infhaighte faoi réir cánach ag an bhfoinse (e.g. DIRT), cuirtear an ghlansuim infhaighte do shochar an Chuntais Oibriúcháin.

Táthar tar éis leas a bhaint as díolúine ó chánachas áitiúil i roinnt tíortha ina bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht faoi alt Seirbhísí Rialtais an chomhaontaithe ábhartha um chánachas dúbailte. Leanann an Ghníomhaireacht lena hathbhreithniú ar an staid sin, agus í ag féachaint go gníomhach le soiléiriú a fháil an mbaineann aon chánacha fostaíochta thar lear le haon cheann de na dlínsí inar baineadh leas as an díolúine seo. D'fhéadfadh dliteanas cánacha eascairt ón athbhreithniú ach i bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an tsuim, más ann di, i leith dliteanais theagmhasaigh fhéideartha ar bith dá leithéid, ní dhearnadh aon fhoráil ina leith sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016.

**22 Ioncam agus Caiteachas Maoine Tionsclaíche**

| Ioncam: | Nótaí | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| Deontas an Oireachtais | 2 | **22,894** | 18,000 |
| Ioncam Cíosa Chliantchuideachtaí GFT Éireann | | **753** | 1,143 |
| Ioncam Táille i ndáil le Tailte Neamhfhorbartha | 5 | **251** | 227 |
| Ús ar Idirbhearta Maoine Tionsclaíche | 5 | **54** | 27 |
| Brabús ar Dhiúscairt Maoine Tionsclaíche | | **1,315** | 5,440 |
| | | **25,267** | 24,837 |
| **Caiteachas:** | | | |
| Costais Cuir chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | | **1,322** | 1,355 |
| Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha | 9 | **4,758** | 3,168 |
| Muirir agus Forálacha Dímheasa | 10 | **(28,651)** | 3,506 |
| | | **(22,571)** | 8,029 |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | | **47,838** | 16,808 |
| Aistrigh (go) Caipitil | 12 | **(40,636)** | (707) |
| Ranníocaíocht chuig gníomhaíochtaí Cur chun Cinn agus Riaracháin | | **7,202** | 16,101 |

**23 Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara**

Féach ar Nóta 8 chun miondealú ar luach saothair agus na sochair a íocadh le príomhphearsana bainistíochta a fheiceáil le do thoil.

Is iondúil go bhféadann an Ghníomhaireacht deontais a fhaomhadh agus socruithe conartha eile a dhéanamh le fiontair ina bhfuil comhaltaí Boird de chuid an GFT fostaithe nó ina bhfuil leasanna eile acu.

Ghlac an Ghníomhaireacht le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Boird agus tá na nósanna imeachta sin comhlíonta ag comhaltaí Boird agus ag an nGníomhaireacht. Le linn 2016, bhí nochtadh de dhíth i gcás ceithre idirbheart óir bhain na ceaduithe agus íocaíochtaí deontais ábhartha le cuideachtaí ina bhfuil comhaltaí Boird fostaithe nó a bhfuil baint éigin eile acu leo. Dhá cheadú deontais ar luach €12.41m agus €3.49m agus dhá íocaíocht deontais ar luach €2.47m agus €6.4m ó cheaduithe deontais go dtí seo a bhí sna hidirbhearta.

Má bhíonn cásanna de choinbhleacht leasa fhéideartha i gceist, ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird doiciméid Boird agus ní bhíonn siad páirteach ar bhealach ar bith eile i bplé faoi na hidirbhearta seo. Coinnítear clár agus tá sé ar fáil ar iarratas maidir le gach cás dá leithéid.

**24 Dliteanas Teagmhasach**

Rinne GFT conradh le soláthraí seirbhíse chun infheistíochtaí díreacha eachtracha a ghnóthú, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a chruthóidh poist inbhuanaithe. Cuireadh síneadh ama bliana amháin leis an gconradh an 25 Márta 2016 chun é a thabhairt chun deiridh ar bhealach eagraithe. Rinneadh foráil sa chomhaontú d'íocaíocht a dhéanamh leis an soláthraí seirbhíse ar dháta foirceanta an chonartha a ríomhfar trí scrúdú a dhéanamh ar chruthú post, agus déantar foráil sna ráitis airgeadais don íocaíocht seo a bheith ina meastachán GFT is fearr den tsuim iníoctha.

**25 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 8 Meitheamh 2017.

# Líonra Domhanda Oifigí

# Líonra Domhanda Oifigí




Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Infheistiú in Éirinn,
téigh chuig **www.idaireland.com**

IDA Ireland